Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Nollaig 2017
(OR. en)

15639/17

Comhad Idirinstitiúideach:
2015/0289 (COD)

CODEC 2056
PECHE 519
PE 102

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | **GNÍOMHARTHA REACHTACHA A GHLACADH I nDIAIDHAN DARA LÉIMH AG PARLAIMINT NA hEORPA**<br>Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008.<br>- Toradh ón dara léamh ag Parlaimint na hEorpa,<br>(Strasbourg, 11 go 14 Nollaig 2017) |

## I. VÓTÁIL

Ós rud é nár glacadh aon leasú, dhearbhaigh Uachtarán Pharlaimint na hEorpa go raibh seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh formheasta.

Tá téacs rún reachtach Pharlaimint na hEorpa i gceangal leis an nóta seo.

## II. GNÍOMHARTHA REACHTACHA A GHLACADH I nDIAIDH AN DARA LÉIMH AG PARLAIMINT NA hEORPA

Ós rud é gur fhormheas Parlaimint na hEorpa seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh, meastar go bhfuil an gníomh i dtrácht glactha san fhoclaíocht a fhreagraíonn do sheasamh na Comhairle ar an gcéad léamh, mar a bhforáiltear dó sin in Airteagal 294 (7)(a) CFAE.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, ag Uachtarán na Comhairle agus ag Ard-Rúnaithe an dá institiúid, foilseofar an gníomh i dtrácht in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

**IARSCRÍBHINN**

**(12.12.2017)**

## Bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha ***II

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Nollaig 2017 ar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh chun go nglacfaí rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle (11382/2/2017 C8 0358/2017 – 2015/0289(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an dara léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh (11382/2/2017 – C8-0358/2017),

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 25 Bealtaine 2016[1],

– ag féachaint dá seasamh ar an gcéad léamh[2] ar an togra ón gCoimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle (COM(2015)0636),

– ag féachaint d'Airteagal 294(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 69f(4) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do Riail 67a dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh don dara léamh ón gCoiste um Iascach (A8-0374/2017),

1. ag formheas an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh;

2. ag tabhairt dá haire go nglactar an gníomh i gcomhréir leis an seasamh ón gComhairle;

3. á threorú dá hUachtarán an gníomh a shíniú le hUachtarán na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 297(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

4. á threorú dá hArd-Rúnaí an gníomh a shíniú, a luaithe a fhíoraítear go bhfuil na nósanna imeachta go léir curtha i gcrích go cuí, agus, i gcomhaontú le hArd-Rúnaí na Comhairle, socrú a dhéanamh lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig na gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

[1] IO C 303, 19.8.2016, lch. 116.

[2] Téacsanna arna nglacadh an 2.2.2017, P8_TA(2017)0015.